


# Cruinniú na nÓg 2025 Treoirlínte le Glaonna Oscailte

Déanfaidh Contae na Gaillimhe ceiliúradh ar Chruinniú na nÓg, lá náisiúnta cruthaitheachta do leanaí agus do dhaoine óga, le neart imeachtaí agus ceardlanna SAOR IN AISCE ar an **Satharn, 7 Meitheamh**. Is éard atá i gceist leis an lá ná deis a thabhairt do pháistí agus do dhaoine óga iad féin a chur in iúl trí ghníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha agus spraoi a bheith acu! Beidh imeachtaí ar siúl ar fud an chontae ó Bhéal Átha na Sluaighe go Conamara agus chuile áit idir eatarthu.

Is comhoibriú é Cruinniú na nÓg 2025 idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Clár Éire Ildánach, RTÉ, agus údaráis áitiúla. Tá ríméad ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe dul i gcomhpháirtíocht arís le hÉire Ildánach do Chruinniú na nÓg chun gníomhaíochtaí éagsúla pearsanta a chur i láthair ar fud an chontae do réimse leathan aoiseanna.

Fáiltímid roimh iarratais ar imeachtaí cruthaitheacha éagsúla ar fud Chontae na Gaillimhe. Beidh maoiniú ar fáil chun tacú le himeachtaí do pháistí agus do dhaoine óga in aon fhoirm ealaíne is féidir leat a shamhlú, idir amharclannaíocht agus sorcas, péinteáil, bácáil, códú, agus gach rud idir eatarthu.

## Cuirimid fáilte roimh imeachtaí:

- Díriú ar leanaí agus ar dhaoine óga, ag cur a nguthanna agus a smaointe san áireamh agus d'imeacht/d'imeachtaí á bpleanáil
- Rochtain a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga a bhféadfadh níos lú deiseanna a bheith acu dul i ngleic leis an gcruthaitheacht.
- Baill nua dár bpobail a chur san áireamh agus teagmháil a dhéanamh leo.
- An Ghaeilge a chur san áireamh.

# Do Thionscadal a Mhaoiniú

Tabharfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe deontais bheaga chun cabhrú le do thionscadal Cruinniú na nÓg 2025 a mhaoiniú. Ba é an t-uasmhéid a deonaíodh in 2024 ná €2,500 ach bhí a bhformhór idir €200 agus €750.

Comhlánaigh an Fhoirm Iarratais (le fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe) agus seol ar ais í chuig creativeireland@galwaycoco.ie faoi **4PM Dé hAoine 7 Márta.**